| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad atá agat? | What do you have? |
| | Tá peata agam. | I have a pet. |
| | Níl peata agam. | I don't have a pet. |
| | An bhfuil peata agat? | Do you have a pet? |
| | Nach bhfuil peata agat? | Don't you have a pets? |
| | Tá. | Yes (after question with *an bhfuil*). |
| | Níl. | No (after question with *an bhfuil*). |
| | Cén saghas peata atá agat? | What kind of pet do you have? |
| **2.** | Cad atá ag Seán? | What does John have? |
| | Tá peata aige. | He has a pet. |
| | An bhfuil peata ag Máire? | Does Mary have a pet? |
| | Níl. Níl peata aici. | No. She doesn't have a pet. |
| | An bhfuil peataí agaibh? | Do y'all have pets? |
| | Tá. Tá peataí againn. | Yes. We have pets. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá ***peata*** agam. | I have ***a pet***. | Tá ***peata*** againn. | We have ***a pet***. |
| Tá ***peata*** agat. | You have ***a pet***. | Tá ***peata*** agaibh. | Ye have ***a pet***. |
| Tá ***peata*** aige. | He has ***a pet***. | Tá ***peata*** acu. | They have ***a pet***. |
| Tá ***peata*** aici. | She has ***a pet***. | Tá ***peata*** ag Seán. | Sean has ***a pet***. |

| | | |
|---|---|---|
| **3.** | An bhfuil peata ag aon duine? | Does anyone have a pet? |
| | Tá. Tá ceann agamsa. | Yes. I have one. |
| | Cé aige a bhfuil peata? | Who has a pet? |
| | Tá ceann ag Seán. | John has one. |
| **4.** | Cad a bhí agat? | What did you have? |
| | Bhí peata agam. | I had a pet. |
| | Ní raibh peata agam. | I didn't have a pet. |
| | An raibh peata agat? | Did you have a pet? |
| | Nach raibh peata agat? | Didn't you have a pet? |
| | Bhí. | Yes (after question with *an raibh*). |
| | Ní raibh. | No (after question with *an raibh*). |
| | Cén saghas peata a bhí agat? | What kind of pet did you have? |

**Comhrá 1**
A: Cad atá agat?
B: Tá peata agam.
A: An bhfuil cat agat?
B: Níl. Níl cat agam.
A: Cén saghas peata atá agat?
B: Tá madra agam.

**Conversation 1**
What do you have?
I have a pet.
Do you have a cat?
No, I don't have a cat.
What kind of pet do you have?
I have a dog.

**Comhrá 2**
A: An bhfuil peann ag aon duine anseo?
B: Níl. Ach, tá peann luaidhe ag Máire.
A: An bhfuil clúdach litreach aici freisin?
B: Tá. Tá ceann aici.

**Conversation 2**
Does anyone here have a pen?
No, but Mary has a pencil.
Does she have an envelope too?
Yes, she has one.

**Comhrá 3**
A: An bhfuil peann agaibh?
B: Níl peann agamsa, ach bhí ceann ag *C*.
A: An bhfuil peann agatsa, a *C*?
C: Bhí, ach níl sé agam anois.
B: Nach raibh peann luaidhe agat?
C: Bhí. Agus tá sé agam go fóill. Seo duit.
A: Go raibh maith agat.

**Conversation 3**
Do y'all have a pen?
I don't have a pen, but *C* had one.
Do you have a pen, *C*?
I had one, but I don't have it now.
Didn't you have a pencil.
Yes. And I still have it. Here you are.
Thank you.

**Comhrá 4**
S: Dia duit, a Mháire.
M: Dia 's Muire duit, a Sheáin.
S: Conas tá tú?
M: Tá mé go maith, ach tá tart orm.
S: An raibh tú amuigh?
M: Bhí, agus ní raibh uisce agam.
S: Ar mhaith leat cupán líomanáide?
M: Ba mhaith, le do thoil.
S: … Seo duit.
M: Go raibh maith agat.
S: Tá fáilte romhat.
M: ... An bhfuil naipcín agat?
S: Tá. Seo duit.
M: Go raibh míle maith agat.
S: … Slán leat, a Mháire.
M: Slán agat.

**Conversation 4**
Hi, Mary.
Hi Sean.
How are you?
I'm fine, but I'm thirsty.
Were you outside?
Yes, and I didn't have water.
Would you like a cup of lemonade?
I would, please.
… Here you are.
Thank you.
You're welcome.
... Do you have a napkin?
Yes. Here you are.
Thanks a lot.
Bye, Mary.
Goodbye.